

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2012 - 2013

CLÁR

1.	Tuarascáil Bhliantúil - <i>Leagan Gaeilge</i>	Ich
1.1	Comhthéacs
1.2	Buaiceanna na Bliana
1.3	Mioneolas
	<i>Annual Report - English Version</i>	
1.1	Context
1.2	Main achievements
1.3	Statistics
2.	Riar Gnóthaí / Administrative Lay-out	
2.1	Ballraíocht an Bhoird
2.2	Ballraíocht Choiste Gnó an Bhoird
2.3	Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha
2.4	Doiciméad Polasaí
2.5	Léaráid Eagraithe Foirne
3.	Aguisíní / Appendices	
3.1	Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha: figiúirí 2012 - 2013
3.2	Courses in Spoken Irish: 2012 – 2013 figures
3.3	Táblaí / Charts:	
	1. Líon na bhfoghlaimeoirí
	2. Uaireanta an chloig teagaisc
	3. Scoláireachtaí Gaeltachta

Caibidil 1

Tuarascáil Bhliantúil

- | | |
|----------------|--------------------------|
| Leagan Gaeilge | 1.1 Comhthéacs |
| | 1.2 Buaiceanna na Bliana |
| | 1.3 Mioneolas |

Annual Report

- | | |
|-----------------|-----------------------|
| English Version | 1.1 Context |
| | 1.2 Main achievements |
| | 1.3 Statistics |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012 – 2013

1.1 Comhthéacs

Tá téarmaí tagartha Bhord na Gaeilge leagtha síos i gCaib. E, Mír 8 de Phríomh-Staitiúid Choláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) agus tháinig an mhír staitiúide i bhfeidhm i mí Meithimh 2008. Is coiste staitiúideach é An Bord de chuid an Choiste Rialaithe. Tá obair Ionad na Gaeilge Labhartha faoi réir ag an gcáipéis pholasaí de chuid an Bhoird/Choiste Rialaithe “*Cur chun cinn na Gaeilge i saol na hOllscoile*” (2009) agus ag Plean Straitéise COC. Ullmhaíodh spriocráiteas an Ionaid agus é faoi réir go ginearálta ag an gcáipéis pholasaí. Tá ceithre mhír aidhme sa spriocráiteas mar atá:

- *an Ghaeilge a chur chun cinn go cruthaitheach in COC agus in Éirinn faoi réir ag airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann (1937), ag Acht na nOllscol (1997), ag Comhaontú Bhéal Feirste (1998), ag Acht na dTeangacha (2003)*
- *cláir teanga sa Ghaeilge labhartha agus fheidhmeach a thairiscint ag an uile leibhéal líofachta san ollscoil agus ag na leibhéil chuí sa Ghaeltacht i gcomhthéacs institiúid na hollscolaíochta Gaeilge*
- *cur ar chumas daoine bheith páirteach i dtimpeallacht thacúil, dháttheangach a bhfuil scéimeanna agus gréasáin Ghaeilge agus gníomhaíochtaí cultúrtha mar chuid lárnach di*
- *a chinntiú go dtagann na seirbhísí teanga uile faoi anáil taighde agus na gcleachtas is fearr i réimse saineolais an tsealbhaithe teanga*

Tá obair agus ról Ionad na Gaeilge Labhartha á socrú agus á bhfócasú go leanúnach agus tagann siad faoi anáil na bhforbairtí is déanaí i réimsí shealbhú an dara teanga agus an oideachais tríú leibhéal.

1.2 Buaiceanna na Bliana

- D’fhreastail líon ard mac léinn ar chláir teanga Ionad na Gaeilge Labhartha i gcaitheamh na bliana. Is é an líon a bhí sa treis 1,530, líon a bhí beagán níos mó ná líon na bliana anuraidh.
- Bhí 2,649 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna agus sna gníomhaíochtaí cultúrtha. Nuair a chuirtear gach cúrsa san áireamh, chítear gur dhein an tIonad freastal ar riachtanais teanga cheithre mhíle trí chéad is seasca mac léinn i rith na bliana. D’éirigh leis an Ionad méadú de seasca mac léinn nó méadú 1.4% a dhéanamh ar líon iomlán na mac léinn a ghlac páirt sna scéimeanna agus sna cúrsaí teangan i gcomparáid le líon na bliana 11/12.
- D’fhreastail 2,500 duine ar na gníomhaíochtaí sin teanga a bhí faoi choimirce dhíreach Bhord na Gaeilge:

Gníomhaíocht	Rannpháirtithe
Clár teanga na dteaghlach foirne	30
Scéim na scol	60
Léachtaí poiblí agus Imeachtaí Eile	1,690
An Seomra Caidrimh	760
Iomlán:	2,503

- Eagraíodh cúrsaí ar leith do mhuintir na Gaeltachta i gcaitheamh na bliana i nDún Chíomháin. Ina measc bhí cúrsa nua do thionóntaithe tí na Comhairle Contae agus cúrsa sa ríomhaireacht a eagraíodh i gcomhar le Ógras na Gaeltachta.
- Múineadh dhá mhodúl Gaeilge (MX1004, MX1007) i gColáiste an Leighis, ceann d’eachtrannaigh agus ceann d’Éireannaigh. Baineann siad leis na modúil roghnacha ar féidir le mic léinn leighis a thógaint mar chuid dá gclár acadúil.
- Chuir 135 mac léinn isteach ar scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Chuaigh timpeall cúigear mac léinn is seachtó ar scoláireacht chun na Gaeltachta i ndeireadh báire. Is as an Ollscoil ar fad na mic léinn seo.
- Múineadh an Ghaeilge ar bhonn acadúil ar leibhéal éagsúla in Ollscoil Bochum na Gearmáine agus eagraíodh dhá chúrsa do mhic léinn na hOllscoile céanna i nDún Chíomháin. D’fhreastail isteach is amach le ochtó mac léinn ar na cúrsaí seo.
- Eagraíodh sraith léachtaí poiblí san Ionad. Ba é téama na sraithe “*An Ghaeilge mar acmhainn ghnó, ghairme agus forbartha*”. I measc na gcainteoirí bhí Antoine Ó Coileáin, Gael-Linn; Seán Mac an tSíthigh, TG4; Eoghan Ó Néill, Raidió Fáilte, Béal Feirste.
- Cuireadh cúrsaí nua-aoiseacha nuálacha ar siúl sna scileanna ríomhaireachta. Chlúdaíodar réimsí ar nós úsáid thairfeach an ghutháin ghlic, na meáin sóisialta, néalríomhaireacht, podchraoltaí is aipeanna bainteach le Gaeilge.
- Mar chuid de Scéim na Scol, tugadh cuairt ar 11 scoil. Ghlac triúr is fiche idir mhic léinn is bhaill foirne, páirt sa scéim agus eagraíodh í i gcomhairle le Oifig na hIontrála, COC.

Maoiniú

Tuigtear go bhfuiltear ag feidhmiú i dtréimhse go bhfuil cúngráíocht mhór airgid sa treis don ollscoil, go bhfuil teacht isteach na nIonad éagsúil eile san ollscoil á bhaint le cur i dtreo fhiacha COC agus go bhfuil buiséad neamh-phá Ionad na Gaeilge Labhartha bainte go fóill. Chun seirbhísí oideachais an Ionaid a choimeád ar siúl agus chun gan aon ísliú a dhéanamh ar chaighdeán, is léir go gcaithfear bheith níos cúramaí ná riamh maidir le caiteachas agus go mbeifear ag brath feasta ar mhaoiniú spriocthionscnamh Gaeilge an Údaráis um Ard-Oideachas agus ar pé teacht isteach ar leith is féidir leis an Ionad a ghnóthú. Glactar leis áfach go socrófar buiséad neamhphá don Ionad arís chomh luath agus a rachaidh staid airgeadais COC i bhfeabhas.

Osradharc ar chláir teanga

Tá príomhchláir teanga, gréasáin agus gníomhaíochtaí an Ionaid i dteannta a líon foghlaimeoirí agus rannpháirtithe, roinnte faoi thrí mhír mar seo leanas:

1. cláir teanga idir ghinearálta agus acadúil,
2. gréasáin, scéimeanna, gníomhaíochtaí cultúir,
3. cúrsaí deireadh seachtaine sa Ghaeltacht.

I Cláir teanga idir acadúil agus ghinearálta

	12/13
1. Mic léinn fochéime, iarchéime agus lánfhásta	130
2. Mic léinn an Diplóma Iarchéime in Oideachas	18
3. Eachtrannaigh:	
i) mic léinn JYA Mheiriceá, Erasmus, Socrates, Tempus	274
ii) mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin.....	65
iii) mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin i nDún Chíomhain.....	20
4. Diplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) (GA1060, GA1061, GA1062)	09
5. BCL Dlí le Gaeilge (GA2010)	08
6. Scileanna Ríomhaireachta:	
i) bunscileanna.....	05
ii) meánscileanna.....	04
iii) Clár Teagaisc & Foghlama.....	135
iv) Buíon Rochtana.....	60
v) foghlaimeoirí ócáidiúla	116
7. Fochéimithe Roinn na Nua-Ghaeilge, Bliain 1 7 3	120
Fochéimithe Roinn na Sean-Ghaeilge, Bliain 3.....	06
8. Foireann:	
i) Dhá ghrúpa scéime teanga	17
Dhá ghnáthghrúpa foirne.....	28
ii) Oilíúint ghairmiúil na foirne reatha/nua, COC	14
9. Cúrsaí deich, fiche seachtain don Phobal	198
10. Modheolaíocht mhúinte teanga:	
i) Aon ghrúpa múinteoirí	17
ii) Coláistí Samhraidh	75
11. i) Úsáid Chruinn na Gaeilge	06
ii) Iriseoireacht Ghairmiúil	06

iii) Aistriúchán san Ionad	20
iv) Aistriúchán sa Ghaeltacht.....	07
v) Mic léinn (T)EFL	125
vi) Modúl Leighis (MX 1007) (12); (MX1004) (7).....	19
12. i) Cúrsa na dTionóntaí (Dún)	12
ii) Cúrsa Ríomhaireachta / Ógras na Gaeltachta.....	06
iv) Cúrsa Ríomhaireachta / Cúntóirí Teanga	10

Fo-iomlán: 1,530

* (1,524) [méadú beag]

II Gréasáin, Scéimeanna, Gníomhaíocht Chultúrtha

1. Scoláireachtaí Gaeltachta	130
2. Ionad Cónaithe Gaeilge (25 iarratasóir)	16
3. Clár Teanga na dTeaghlach Foirne	31
4. Scéim na Scol	23
5. Léachtaí Poiblí, Féilte, Fáiltithe, Coirmeacha Ceoil, Seoltaí Leabhar, Imeachtaí Gaeilge	1,690
6. Úsáideoirí rialta an tSeomra Caidrimh	760

Fo-iomlán: 2,650

* (2,633) [méadú 1.0%]

III Cúrsaí Eile

1. Cúrsaí deireadh seachtaine i nDún Chíomháin, nár cuireadh san áireamh thuas....	180
--	-----

Fo-iomlán: 180

Iomlán: 4,360

* (4,297) [méadú 1.4%]

**Iomláin na bliana 2011 – 2012*

Léachtaí, Seimineáir, Comhdhálacha

Ba í an Ghaeilge labhartha an ghné chomónta a bhain leis na himeachtaí éagsúla a thionóil an tIonad taobh istigh agus taobh amuigh den ollscoil i gcaitheamh na bliana. Cuireadh sraith na léachtaí poiblí ar siúl comhthreormhar le sraith léachtaí an chúrsa dioplóma. Cuirtear i láthair anso thíos sampla coimrithe ionadaíoch de na gníomhaíochtaí éagsúla ar fad a bhí sa treis:

- Sheol Seán Bán Breathnach, Raidió na Gaeltachta
Spraoi Cois Laoi 2012/13

le linn Chéilí Mór
Óstán Silversprings
19 Samhain 2012

- **Teacht le chéile na Nollag 2012**
Ceithre Fháiltiú Cásca 13
200 duine, Múinteoirí & Baill Ranga
An Seomra Caidrimh
4 – 10 Nollaig 2012
11 – 14 Márta 2013
- Seimineár i modheolaíocht mhúinte teanga, Teaspántas Acmhainní, cruinniú Múinteoirí Lae/Oíche an Ionaid
Múinteoirí na gColáistí Samhraidh
Pól Ruiséal
1 Deireadh Fómhair 2012, 15 – 19 Deireadh Fómhair 2012, 30 Bealtaine 2013
- **Antoine Ó Coileáin, Gael-Linn**
“Fiontraíocht agus Forbairtí Ghael-Linn 1953 – 2013”
Seomra Seimineáir G01
12 Feabhra 2013
- **Pádraig MacFhearghusa, Conradh na Gaeilge**
“Eagarthóireacht Ghaeilge agus an Nua-Theicneolaíocht”
19 Feabhra 2013
- **Seán Mac an tSíthigh, TG4/RTÉ**
“Réabhlóid Nuachta: Físiriseoireacht mar mhodh bailithe nuachta i gceantracha tuaithe – Saol an iriseora teilifíse sa ré nua”
5 Márta 2013
- **Éamon Lankford, Coiste Logainmneacha Chorcaí**
“Suirbhé Logainmneacha Chontaetha Chorcaí & Chiarraí – bainistiú agus eagrú”
19 Márta 2013
- **Eoghan Ó Néill, Raidió Fáilte, Béal Feirste**
“Iriseoireacht na Gaeilge – cur chuige nua do ghlúin nua”
16 Aibreán 2013
- **Pól Ruiséal, COC**
 - (i) **Cathaoirleach: Cúig Léacht Phoiblí an Bhoird**
12 Feabhra – 16 Aibreán 2013
 - (ii) **Ullmhú dhá chúrsa:**
Cúrsa an Phobail
Cúrsa Coláistí Samhraidh
- **Scoláireacht Uí Ríordáin**
(urraithe ag Bord na Gaeilge)
Bronnta ar **Isaac James**
Gaelscoil Uí Ríordáin
Ceann Choláiste na nEalaíon **An tOllamh Caroline Fennell**
Cathaoirleach: **Donnchadh Ó hAodha**
3 Bealtaine 2013

- **Cuairt an Uachtaráin Micheál Ó Murchú**
Gaelscoil Uí Ríordáin
20 Meán Fómhair 2013
- **Ciarán Dawson, COC**
 - (i) **Páipéar:** “*Peadar Ó Gealacháin Scríobhaí*”.
Léachtaí Cholmcille
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
23 Márta 2013
 - (ii) Leabhar Bun-Sínise
Do dhaltaí meánscoile
Leagan Gaeilge i gcomhar le Ionad na Staidéar Síneach, COC
- **Bronnadh Speisialta**
Seán Ó Flaithearta, Ealaíontóir (Inis Mór)
Portráid de Sheán Ó Ríordáin ar John Fitzgerald, Leabharlannaí na hOllscoile
13 Nollaig 2012
- **Nuala de Búrca**
 - (i) Cúig eagrán den Nuachtlitir “*Bhuel*”
2012 – 2013
 - (ii) Comheagraí Imeachtaí an Ionaid Chónaithe Gaeilge
 - (iii) Ina comhairleoir Gaeilge, **Nuacht UCC**, iris ollscoile
 - (iv) mhúin cúrsa scéime teanga
 - (v) Liostáil ar naisc acmhainní TF do fhoghlaimoírí/mhúinteoirí
- **Ciarán Dawson**
 - i) Dearadh Nua ar Shuíomh Idirlín an Ionaid
 - ii) “*An Ghaeilge san Ollscoil*”
Daltaí Rochtana Meánscoile
Trí ghrúpa (60)
18 Aibreán 2013
 - iii) “*An Ghaeilge inniu*”
Mic léinn T(EFL)
15 Lúnasa 2013
 - iv) Feitheoireacht & Comhairliú
Mac Léinn/Oibreacha COC
Modúl Taithí Oibre
 - v) Cúrsa Bun-Ghaeilge
Grúpa Mangóileach Síneach
Téarmaí 1 & 2
- **Claire Ní Mhuirthile**
 - i) riaradh:
 - Ionad Cónaithe Gaeilge,
 - Scéim na Scol,
 - Dún Chíomháin,
 - Scéim na dTeaghlach
 - ii) eagrú theaspáinteas Lá na Féile Bríde
1 – 10 Feabhra 2013
 - iii) tuairisc bhliantúil 2012-13
Sláinte agus Sábháilteacht
Ionad na Gaeilge Labhartha

- iv) Eagrú Bhronnadh
Scoláireachtaí Áras Uí Thuama
2 Bealtaine 2013
 - v) scrúdaitheoir i labhairt na Gaeilge
Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh
Clár Teangacha na Meánscol
22 Eanáir 2013
 - vi) Agallaimh Raidió
Raidió Campus
Raidió na Gaeltachta
 - vii) Comhdháil Chill Dara
Traidisiúin Lae 'le Bríde
1 – 2 Feabhra 2013
- **Seán Ó Laoi**
 - i) mhúin trí chúrsa ar leith:
 - Iriseoireacht ghairmiúil na Gaeilge
 - Úsáid chruinn na teanga
 - Cúrsa scéime teanga
 - ii) cúntóireacht i réimse an aistriúcháin
 - iii) riaradh chúrsaí na foirne
 - iv) comheagrú ar sheisiúin eolais Ghaeilge na chéad bhliana i gcomhar leis
An Oifig Iontrála, COC
5 – 13 Meán Fómhair 2013
- **Brian Ó Donnchadha**
 - i) riaradh agus obair an Aonaid Aistriúcháin
 - ii) mhúin cúrsa nua ar scileanna an aistriúcháin
6 Feabhra – 20 Márta 2013
 - iii) cúrsa san aistriúchán
Ionad Áise Ré na nDoirí, Múscraí
Comhpháirtíocht Pleanála Iarthar Chorcaí
7 – 9 Nollaig 2012
 - iv) ina bhall, meitheal phleanála shuíomh gréasáin COC
 - v) Ina bhall de Choiste “*Sapientí*” Vatacáin na Róimhe agus Chnoic Mhuire
 - vi) Agallamh Teilifíse, Nuacht TG4 le Seán Mac an tSíthigh
- **Caitríona Budhlaeir**
 - i) mhúin cúrsa na dTionóntaí sa Ghaeltacht
Mí na Samhna 2012 – Mí na Nollag 2012
 - ii) bunachar eolais ar acmhainní Dhún Chíomháin a chothabháil
 - iii) Clárú na Leabhar
Leabharlann an Dúna
Fómhar 2012
 - iv) Cúrsaí sa Ríomhaireacht
Ógras na Gaeltachta, Cúntóirí Teanga
Mí na Samhna 2012
 - v) Mhúin dhá chúrsa seachtaine
Dhá ghrúpa mac léinn RUB
2 – 16 Meán Fómhair 2013
 - vi) Obair Choiste sa Ghaeltacht:
 - Plean Teanga don Ghaeltacht
 - Plean saibhríthe teanga do Bhunscoil Áitiúil

- Ionad Tacaíochta Teaghlaigh
Fómhar 2012

• **Cearbhall Ó Colmáin**

- i) comhairleoir ríomhaireachta do mhic léinn agus don fhoireann Ghaeilge
- ii) eagrú agus múineadh dhá chúrsa sa ríomhaireacht Ghaeilge in COC
- iii) cabhair theicniúil agus fógraíocht ar acmhainní/imeachtaí an Ionaid
- iv) cothabháil agus uasdhatú shuímh an Ionaid
- v) comhairliú na gcumann Gaeilge maidir le úsáid na teanga ar phóistéirí, eagrú srl.

• **Marian Ní Shúilliobháin**

- i) Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2013
Cainteoirí, ceoltóirí, múinteoirí Gaeltachta (75 mac léinn)
- ii) Riaradh príomhchlár teanga:
 - cúrsaí oíche an phobail (198 foghlaimeoir)
 - fíorthosnaitheoirí, modúil GA1120, GA1121 (274 foghlaimeoir)
 - cúrsaí d'ábhair mhúinteoirí (18)
 - cúrsaí deonacha don uile mhac léinn (130 foghlaimeoir)
- iii) Scoláireacht Uí Ríordáin
3 Bealtaine 2013
- iv) eagrú dhá ócáid dheire cúrsa, mic léinn GA1120, GA1121
12 Mí na Nollag 2012
9 Bealtaine 2013

• **Pól Ruiséal**

- i) riaradh an chúrsa dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach (60 creidiúint, 6 mhodúl, Leibhéal 7)
- ii) rúnaíocht an Choiste Gnó, Bhord na Gaeilge, Choiste Dioplóma
- iii) Ina bhall de: Coiste Stiúrthóirí Áras na Díge
Coiste Scéim Teanga COC
Coiste Monatóireachta na Scéime Teanga
Coiste Stiúrthóirí Gaeilge Tríú Leibhéal
Fondúireacht an Bhlascaoid
Gael-Taca Chorcaí
- iv) Mar scrúdaitheoir eachtrach
Scrúdaithe TEG, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad
25 Eanáir 2013
- v) Cruinniú Oiliúna Teagaisc na gColáistí Samhraidh
30 Bealtaine 2013
- vi) Príomh-mholtóir
Craobhchomórtas Díospóireachta
Cuallacht COC
6 Márta 2013
- vii) Bronnadh Teastas & Aitheasc
Eachtrannaigh GA1120, GA1121
140 mac léinn
12 Mí na Nollag 2012
9 Bealtaine 2013
- viii) “*Seirbhísí agus Ról an Ionaid*”
Foireann Nua COC
Rannóg na hAcmhainne Daonna
27 Meán Fómhair 2012, 26 Márta 2013
- ix) Agallaimh Raidió/Teilifíse ar obair an Ionaid
Raidió Fáilte, Béal Feirste

Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Pobail Chorcaí, TG4
x) “An Ghaeilge san Ollscoil”
Mic léinn UCC+, 13/14
27 Lúnasa 2013

Margaíocht agus Caidreamh Poiblí

Cuireadh béim áirithe ar mhargaíocht na gclár staidéir agus ar an gcaidreamh poiblí trí chéile i gcaitheamh na bliana. Chabhraigh an cur chuige seo lena chinntiú go mbeadh ardshuim sna cúrsaí agus ina dhiaidh sin sna scéimeanna a bhí á dtairiscint. Chabhraigh an nuachtlitir “*Bhuel*”, an físeán fógraíochta “*Fás agus forbairt na Gaeilge in COC*”, rannpháirtíocht i dTeaspáinteas Aos-Oideachais Chorcaí agus feachtais ghearra fógraíochta ar raidió, ar líne agus sna nuachtáin, leis an bhfeachtas margaíochta a neartú.

Bhí an tIonad páirteach i gcónaí i gcur chun cinn an chláir in oiliúint teagaisc do mhúinteoirí an Ionaid agus do mhúinteoirí na hOllscoile. Leann an tIonad ar aghaidh le cabhair na margaíochta de bheith ag leathnú na teanga labhartha i measc na foirne trí chéile.

Tionóladh cruinnithe go rialta le coistí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhain le leathnú na Gaeilge agus na mionteangacha. Tugadh agallaimh do nó fuarthas cabhair nár bheag ó stáisiúin raidió agus teilifíse de leithéid TG4, RTÉ 1, Raidió 96FM, Raidió na Gaeltachta, Raidió Pobail Chorcaí, Raidió Fáilte Bhéal Feirste, Raidió na Life, Raidió Campus COC. Cuireadh cainteoirí ar fáil agus moladh cainteoirí ar shainábhair do chláir faisnéise, do nuacht Raidió na Gaeltachta agus do nuacht TG4. Bhí an Seomra Caidrimh agus Seomra Seimineáir G01 á n-úsáid mar stiúideo teilifíse ag TG4 nó mar stiúideo raidió ag Raidió na Gaeltachta i gcaitheamh na bliana.

Foilsíodh ailt a scríobh foireann an Ionaid as Gaeilge agus as Béarla, nó tugadh agallamh do nuachtáin agus d’irisí (*Saol, Feasta, Foinse, Céimí UCC, Nuacht UCC, Irish Times, Irish Examiner*).

Cuireadh dearadh comhaimseartha úrnua ar bhróisiúir na bpríomhchúrsaí san Ionad. Deineadh athnuachan agus athdhírú ar na cúrsaí céanna. Eisíodh nuachtlitir an Ionaid “*Bhuel*” go rialta agus cuireadh timpeall í go dtí na mic léinn agus an fhoireann. Scaipeadh an tuarascáil bhliantúil go fairsing in Éirinn agus thar lear. Múineadh cúrsaí Gaeilge in Ollscoileanna Bochum sa Ghearmáin.

Cuireadh míreanna de pholasaí teanga COC i bhfeidhm agus tionóladh cruinnithe a bhain len iad a neartú trasna na hOllscoile.

Chabhraigh suíomh idirlín an Ionaid go mór le himeachtaí na Gaeilge chomh maith. Beartaíodh ar athdhearadh a dhéanamh ar an suíomh a thiocthadh leis an dearadh nua ar shuíomh COC. Ceapadh dearthóir agus eagarthóir air agus cuireadh béim ar an eolas a choimeád cothrom le dáta an lae ar bhonn rialta. Tosnaíodh ar dhearadh nua a ullmhú do shuíomh an Ionaid i gcomhairle le treoirlínte COC, Samhradh 2013. Cuireadh mearnasc go dtí na seirbhísí aistriúcháin ar fáil ar leathanach baile shuíomh na hollscoile agus is fusa anois ná riamh teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí céanna agus le suíomh an Ionaid. Ghlac Grúpa na Meán, Treoir Galzac leis an Ionad mar fhoinsé saineolais i leith chúrsaí Gaeilge sa tír agus thar lear.

(suíomh an Ionaid: <http://www.ucc.ie/ucc/igl>)

TUAIRISC MHION ar IMEACHTAÍ AN BHOIRD 2012 – 2013

1.3 MIONEOLAS

Tionóladh **ceithre** chruinniú den Bhord agus trí chruinniú de Choiste Gnó an Bhoird.

1. CÚRSAÍ GAEILGE 2012 – 2013

A. CÚRSAÍ DEONACHA GAEILGE

(do mhic léinn nach raibh an Ghaeilge mar ábhar scrúdaithe acu)

130 mac léinn, 6 ghrúpa, 15 seachtaine, *i.e.* **90 uair an chloig san iomlán**

B. CÚRSA do MHC LÉINN AN DIO (ATO)

(mar ullmhú le haghaidh scrúdú an Teastais Ghaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile)

18 mac léinn, 1 ghrúpa, 15 seachtaine, **15 uair an chloig san iomlán**

C. CÚRSA do THOSNAITHEOIRÍ

i) GA1120: 229 mac léinn, 12 ghrúpa, 9 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 324 uair an chloig

ii) GA1121: 23 mac léinn, 2 ghrúpa, 12 sheachtain, 7 n-uair an chloig sa tseachtain, 1 dianchúrsa deireadh seachtaine, 84 uair an chloig, 132 uair an chloig

iii) 65 mac léinn, 4 ghrúpa, Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin, 20 uair an chloig

v) Mic Léinn RUB, Dún Chíomháin, 20 mac léinn, 2 ghrúpa, 14 lá, 4 uair an chloig sa ló, 56 uair an chloig, **532 uair an chloig san iomlán**

D. CÚRSAÍ TEANGA

Roinn na Nua-Ghaeilge

Bliain I & 3: 120 mac léinn, 6 ghrúpa, 6 huair an chloig sa tseachtain, 24 seachtain, 144 uair an chloig

Roinn na Sean-Ghaeilge

Bliain III: 06 mac léinn, 1 ghrúpa, 1 uair an chloig sa tseachtain, 24 seachtain, 24 uair an chloig, **168 uair an chloig san iomlán**

E. CÚRSAÍ DON FHOIREANN

i) 28 foghlaimoír, 2 ghrúpa, 15 seachtaine, 30 uair an chloig

ii) 17 foghlaimoír, 2 ghrúpa, 15 seachtain, 30 uair an chloig

Scéim Teanga COC

iii) 14 foghlaimoír, 1 ghrúpa, 1 uair an chloig, Foireann
i.e. **61 uair an chloig san iomlán**

F. DIPLÓMA SNA HEALAÍONA (AN GHAELGE FHEIDHMEACH) GA1060, GA1061, GA1062 (30 CREIDIÚINT)

i) 09 mac léinn, 1 ghrúpa, 25 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 75 uair an chloig

ii) Cúrsa 2 lá, 48 n-uair an chloig,

123 uair an chloig + 75 uair an chloig ar líne *i.e.* **198 san iomlán**

G. **SCILEANNA RÍOMHAIREACHTA**

- i) 05 foghlaimeoir (bunscileanna), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, 20 uair an chloig
- ii) 04 foghlaimeoir (meánsbileanna), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 20 uair an chloig
- iii) 135 foghlaimeoir (Clár Teagaisc), 1 ghrúpa, leanúnach, 40 uair an chloig
- iv) 124 foghlaimeoir, seisiúin chomhairle, leanúnach, 20 uair an chloig
100 uair an chloig san iomlán

H. **CÚRSAÍ OÍCHE SA GHAELGE LABHARTHA DON PHOBAL**

198 foghlaimeoir, 384 uair an chloig

- i) **Cúrsa 20 Seachtain**
 - a) 181 foghlaimeoir, 9 ngrúpa, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 360 uair an chloig
- ii) **Cúrsa 10 seachtaine**
17 foghlaimeoir, 1 ghrúpa, 2 u. an chloig sa tseachtain, *i.e.* 20 uair an chloig
- iii) Seisiúin mhodheolaíochta + teaspántas cúrsaí, 17 oide, 4 huair an chloig ar fad.
- iv) Coláistí Samhraidh, 1 chruinniú, comheagraí teagaisc, faoi choimirce an Ionaid
384 uair an chloig san iomlán

I. **SAINCHÚRSAÍ TEANGA**

- i) **Cúrsa san Iriseoireacht**, 06 mac léinn, 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig, 20 uair an chloig ar fad
- ii) **Úsáid chruinn na teanga**, 06 mac léinn, 1 ghrúpa, 15 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain *i.e.* 30 uair an chloig
- iii) **Mic léinn (T)EFL**, 125 duine, 1 ghrúpa, 2 uair an chloig *i.e.* 2 uair an chloig
- iv) **BCL Dlí agus Gaeilge II**, 08 mac léinn, 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 10 n-uair an chloig
- v)
 - a) **Mic léinn RUB**, 2 ghrúpa sa Dún, 20 duine, 4 huair an chloig, 14 lá, 56 uair an chloig
 - b) **Cúrsa na dTionóntaithe Tí Gaeltachta**, 12 duine, 1 ghrúpa, 3 huair an chloig, 3 lá, 8 seachtain, 72 uair an chloig
 - c) **Cúrsa ar scileanna ríomhaireachta**, 12 uair an chloig, 06 dalta
 - e) **Ceárta Ríomhaireachta**, Cúntóirí Teangan (10) Bunscoileanna na Gaeltachta & Fios Feasa, 10 n-uair an chloig
- vi)
 - a) **Aistriúchán**, 20 duine, 2 uair an chloig, 7 seachtaine, 14 uair an chloig
 - b) **Aistriúchán/Gaeltacht**, 7 nduine, 2 lá, 12 uair an chloig
- vii) **Dhá Mhodúl an Leighis (MX 1007, MX1004)**, 19 nduine, 2 uair an chloig, 25 seachtaine, 50 uair an chloig,
278 uair an chloig san iomlán

- J.
 - i) Triúr Múinteoirí nua ar na cúrsaí thuas a chomhairliú agus a oiliúint. Meantóireacht Leanúnach (seisiúin chomhairle, 12 uair an chloig srl.)
 - ii) Freastal ar na gnáthmhúinteoirí
 - iii) Eagrú agus riaradh na gcúrsaí
 - iv) Fáiltiú na gCúrsaí Oíche, **Nollaig 2012, Cáisc 2013**

2. DÚN CHÍOMHÁIN

1. Eagrú Chúrsaí Gaeilge

- 7 gcúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Roinn na Nua-Ghaeilge.
- 6 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Ionad na Gaeilge Labhartha.
- 3 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn na gcúrsaí oíche agus do Chumann Gaeilge na Foirne.
- 1 chúrsa tionóntaí i gcomhar le Comhairle Chontae Chiarraí
- 2 chúrsa seachtaine do mhic léinn Bochum na Gearmáine
- 1 chúrsa sa Ríomhaireacht / Ógras na Gaeltachta
- 1 chúrsa sa Ríomhaireacht / Cúntóirí Teanga na mBunscol Gaeltachta
- 21 cúrsa, 290 mac léinn san iomlán

2. Saoire Ghaeilge 2013

Teaghlaigh 31 duine

Cúntóir Teanga 01

Foireann UCC 03

Iomlán 35

Iomlán ar fad 325 lóistéir/foghlaimoir sa Dún 2012/2013

Gníomhaíochtaí Áirithe

- (a) Plean oibre thrí bliana leagtha amach ag an teagascóir-bainisteoir, Caitríona Budhlaeir.
- (b) Cothabháil agus Deisiú an Dúna i gcomhar leis an teagascóir-bainisteoir agus le Coiste na bhFoingintí.
- (c) Chaith 10 dteaghlach foirne agus 3 ball foirne tréimhsí a mhair ó roinnt laethanta go dtí seachtain sa Dún i gcaitheamh na bliana agus go háirithe mar chuid de Scéim Shaoire Ghaeilge na dTeaghlach Foirne.
- (d) Riaradh na gCnuasach Leabhar, Irisleabhar agus Téipeanna.
- (e) Úsáid agus cothabháil na saotharlainne ríomhaireachta APPLE i Halla an Dúna.

3. SCÉIM na SCOLÁIREACHTAÍ GAELTACHTA

- a) Thug 75 mac léinn tréimhse ar scoláireacht sa Ghaeltacht, Cáisc/Fómhar 2013. Chaith gach mac léinn seachtain ann. 135 ab ea líon na n-iarratasóirí.
- b) Ina measc bhí mic léinn as Roinn na Nua-Ghaeilge agus mic léinn eile mar seo leanas:

Briseadh síos an 135 a chuir isteach ar scoláireacht

Bliain I	45
Bliain II	33
Bliain III	01
Roinn IV (Iarchéimithe Gaeilge)	04
Roinn V (Mic léinn eile na hollscoile).....	44
Roinn VI (Mic léinn dioplóma)	8
Iomlán	135

- c) Ghlac 11 teach muintire páirt sa scéim. Gaeltacht Chorca Dhuibhne a bhí i gceist. Bhí beirt bhall d'fhoireann Ionad na Gaeilge Labhartha i bhfeighil na mac léinn ag eagrú maidin is tráthnóna sraith d'imeachtaí agus de sheimineáir dóibh, ag deighleáil le mná tí agus leis an bpobal áitiúil. Chabhraigh cúigear ceannairí ainmnithe chomh maith.

4. CÚRSAÍ / COMHDHÁLACHA INSEIRBHÍSE

D'fhreastail ineadáí/ineadaithe de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha ar na comhdhálacha/cúrsaí seo leanas:

- Cúrsa ar láimhseáil meáchan, Sláinte & Sábháilteacht COC
18 Nollaig 2012
- Cúrsa: *“Impleachtaí don duine i gcomhthéacs an bháis”*
Acmhainn Daonna COC
8 Samhain 2012
- Traidisiúin Lae 'le Bríde
Comhdháil Chill Dara
1 – 2 Feabhra 2013
- Comh-Mheantóireacht & Comhthacaíocht
Comhdháil Náisiúnta, COC
8 – 9 Feabhra 2013
- Cúrsa Athnuachana Chéad Chabhrach
11 – 12 Márta 2013
- *“Úsáid an Alcóil i measc mac léinn”*
Acmhainn Daonna COC
18 Aibreán 2013
- Cúrsa ar bhunscileanna láimhseála meáchain
Sláinte agus Sábháilteacht COC
25 Meitheamh 2013
- Cúrsaí ar scileanna ríomhaireachta
An tIonad
2012 – 2013
- Oiliúint mar scrúdaitheoir TEG
Ollscoil Mhaigh Nuad
25 Eanáir 2013

5. BALLRÁÍOCHT AR CHOISTÍ/BHOIRD AGALLAIMH (*inmheánach/eachtrach*)

- Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta
- Scéim an Ionaid Chónaithe
- Oidí Páirtaimseartha in Ionad na Gaeilge Labhartha
- Scrúduithe Béil ar lucht meánscoile, Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh
- Scrúduithe Béil, Mic Léinn TEG, Ollscoil Mhaigh Nuad

6. AN SEOMRA CAIDRIMH

- i. Úsáid laethúil mar sheomra coiteann foirne – maidin agus tráthnóna
- ii. Gach Máirt agus Déardaoin: Ciorcail Chomhrá na Mac Léinn (3)
- iii. Gach Céadaoin: Seisiún ceoil ag am lóin (i gcomhar le Cumann an Cheoil Thraidisiúnta agus leis an gCuallacht)
- iv. Gach Déardaoin: Cruinniú ag Cumann na Foirne Gaeilge agus ag an gCuallacht
- v. Úsáid mar ionad ranga lae, mar ionad cruinnithe dátheangach ag grúpaí na hOllscoile, mar ionad i gcomhair sheoltaí leabhar agus fáiltithe.
- vi. Cruinnithe an Choiste Gnó, Cruinnithe Foirne
- vii. Ócáidí Bronnta *e.g.* Scoláireachtaí Áras Uí Thuama, Teastais GA1121
- viii. Ranganna Oíche: Sos caife (Luan - Déardaoin 8.00 - 9.00 p.m.) ag na Cúrsaí Oíche Gaeilge agus ag Cúrsaí Oíche eile
- ix. Aire Laethúil – eagrú imeachtaí, gréithre, irisí, seilp leabhar, troscáin, nuachtáin, péinteáil agus athchóiriú
- x. Seastán do Phreas na Gaeilge agus don Phreas Idirnáisiúnta. Seilpeanna de leabhair Ghaeilge le húdair de chuid COC. Buanteaspáinteas agus Teaspáintis ar leith eile.
- xi. Líon Rannpháirtithe: 760

7. SCÉIM NA SCOL

- 11 meánscoil Ghaeilge i gceist, 6 scoil Ghaeilge, 5 scoil Ghaeltachta
- 3 cainteoirí ar gach painéal, 23 cainteoir (8 foirne)
- Cuireadh na seisiúin chomhairle ar siúl roimh cheannlá C.A.O. **1 Feabhra 2013**
- Seimineár athbhreithnithe, **21 Márta 2013**

8. IONAD CÓNAITHE GAEILGE / ÁRAS UÍ THUAMA

Tá an tIonad Cónaithe ag feidhmiú go héifeachtach ó 1993 i leith. Beidh sé fiche bliain ar an bhfód sa bhliain 2013.

2012 – 2013: 26 iarratasóir

2013 – 2014: 24 iarratasóir

Comheagraí: Nuala de Búrca

Riarthóir: Claire Ní Mhuirthile

Imeachtaí

- Cruinniú Tionscnaimh 20 Meán Fómhair 2012
- Turas Bus trí Chathair Chorcaí, Treoraí: Claire Ní Mhuirthile.. 20 Meán Fómhair 2012
- Tráth Ceist in Áras Uí Thuama, Liam Mac an Mhaoir..... 9 Deireadh Fómhair 2012
- Ócáid Sóisialta & Ceolchoirm, Íoslach Áras Uí Thuama, Jimmy Crowley..... 5 Mí na Samhna 2012

- Oscailt an Spraoi 2011 le Seán Bán Breathnach, Óstán Silversprings..... 19 Mí na Samhna 2012
- Oíche Scrabble agus Béile, An Seomra Caidrimh..... 10 Mí na Nollag 2012
- Babhláil & Leadóg Bhoird, An Mhairdíóg..... 11 Feabhra 2013
- Ócáid Mhór “Bí chun béile liom”..... 19 Márta 2013
- Feachtas Fógraíochta ar Áras Uí Thuama, Gach lóistéir páirteach 29 Aibreán-4 Bealtaine 2013
- Fáiltiú agus Bronnadh Scoláireachtaí €500 le Seán Ó Conaill..... 2 Bealtaine 2013
(D'éirigh le gach áitritheoir an scoláireacht a bhaint)

2013 – 2014: 24 iarratasóir: 27 áit, (16 lóistéir: 2012/13)

Iomlán: 12 áitritheoir nua

9. AN tSEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN

Fógraí dátheangacha, teidil, cártaí gnó, tuairiscí éagsúla a aistriú d'Oifig na bhFoirgintí, An Chlólann, Ranna, Aonaid agus Ionaid Ollscoile. Aistríodh doiciméid agus tuairiscí a tháinig isteach go mórmhór ó Oifig an Chláraitheora, Oifig an Uachtaráin agus Oifig na hOidhreachta. Aistríodh cáipéisí do roinnt eagrais stáit, d'institiúidí tríú leibhéal oideachais, as áiteanna eile ar fud na hÉireann agus tugadh comhairle i leith an aistriúcháin dóibh i gcaitheamh na bliana. Caitheadh mórán ama ag ullmhú leagan Gaeilge de shuíomh idirlín nua COC. Forbraíodh cúrsa nua san aistriúchán agus deineadh freastal ard air. Múineadh cúrsa nua dhá lá in Ionad Áise Réidh na nDoirí chomh maith.

<u>Institiúid</u>	<u>Líon na dTionscadal</u>
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	23
Coiste Ghairm-Oideachais Chathair Chorcaí	01
Ollscoil Luimnigh	08
Comhairle Cathrach Chorcaí	01
An Roinn Oideachais & Scileanna.....	07
Coiscéim	01
An Phríomh-Oifig Staidrimh.....	02
Eile	01
Iomlán	44
Teacht Isteach.....	€11,726

Teagascóir – Aistritheoir: Brian Ó Donnchadha

10. SOLÁTHAR ÁBHAR ar dlúthdhiosca agus COTHABHÁIL TREALAIMH

- Dlúthdhioscaí, Dlúthscannáin, Cáisíní
- Scagadh agus roghnú
- Abhar na dtéipeanna a scríoptáil, a ullmhú agus a chur i gcomhad
- Cothabháil theicniúil i leith na genuasach téipeanna/dlúthdhioscaí (500)
- Bailiú ábhair ar dlúthdhiosca/dlúthscannán. Sean-téipeanna agus Nua-théipeanna físe/fuaime (500)
- Trealamh digiteach agus analógach a choimeád agus a chothabháil
- Fáil agus cothabháil trealaimh/troscáin do linn na ríomhairí (10 ríomhaire beag, 16 ghnáthríomhaire idir Apple MAC agus PC)
- Aon seomra ranga leictreonach: 15 MacBook

- ix) Saotharlanna ríomhaireachta APPLE i nDún Chíomháin, i Seomra G01 ÁUR, i Seomra 4 Gort na mBláth (18 ríomhaire Apple Mac)
- x) Cothabháil bhunachar acmhainní a bhaineann leis an Ionad & An Dún
- xi) Úsáid rialta saoráide nua chun taifeadadh digiteach ón aer a dhéanamh, seomra G03, ÁUR

11. CAIDREAMH POIBLÍ AGUS MARGAÍOCHT

Bhíothas i dteagmháil le breis agus céad eagraíocht Gaeilge, Oideachais, Gnó agus eile ar fud na tíre agus ar fud an domhain i gcaitheamh na bliana. Tá liosta na n-eagraíochtaí ar deineadh teagmháil leo ar fáil in Ionad na Gaeilge Labhartha.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012 – 2013

1.1 Context

The terms of reference of Bord na Gaeilge are those laid down in Chapt. E, Section 8 of the Principal Statute of University College Cork. They came into effect in June 2008. Bord na Gaeilge functions as a statutory committee of UCC Governing Body. The policy document “*The advancement of Irish in College*” is aligned with the UCC Strategic Plan and was approved by UCC Governing Body on 10th February 2009. The mission statement of Ionad na Gaeilge Labhartha falls within the parameters of the policy document and contains four main objectives:

- (i) *to promote Irish creatively in UCC and in Ireland in accordance with article 8, The Irish Constitution (1937), provisions of the Universities Act (1997), The Belfast Agreement (1998) the Official Languages Act (2003).*
- (ii) *to offer spoken and applied Irish language programmes to learners at all fluency levels in UCC and at appropriate levels in An Ghaeltacht in the context of the ‘institiúid na hollscolaíochta’ project.*
- (iii) *to enable active participation in a supportive bilingual environment which includes Irish language networks, schemes and cultural activities as key components.*
- (iv) *to ensure that all services be informed by authoritative research and guided by good practice in the specialised process of language acquisition and learning.*

The role and work of Ionad na Gaeilge Labhartha is being continually informed and finetuned in the light of the most recent research published in domains of second language acquisition and third level education.

1.2 The year’s main achievements - summary

- The significant number of students attending language programmes in Ionad na Gaeilge Labhartha reached a total of 1,530 which was similar to the previous year’s total.
- A further 2,649 students approximately participated in language schemes and cultural networks. The Ionad catered for the Irish language needs of over 4,300 students during the year. The overall number of students participating in both language programmes and language schemes increased by 1.4% over the previous year’s cohort.
- Some 2,500 students attended language activities and schemes which came directly under the remit of Bord na Gaeilge. They are laid out in the following table:

SCHEME/PROGRAMME	PARTICIPANTS
Staff family language programme	30
Schools' Liaison Scheme	23
Public lecture series and other activities.....	1,690
An Seomra Caidrimh	760
Total	2,503

- A series of courses for the Gaeltacht community was organised in Dún Chíomháin. Included among these was a new course for County Council householders, a course in computer studies for Language Assistants and a course for members of Ógras na Gaeltachta.
- Two Irish language modules were taught in the College of Medicine, one for overseas students and one for Irish students (MX1004, MX1007). These are among optional modules which Medical Students can avail of.
- A substantial number of students (135) applied for a Gaeltacht Scholarship. About seventy students eventually spent a minimum of one week with a Gaeltacht household. These students emanate from all four Colleges of the university.
- The Irish language was taught as part of academic programmes and on a number of fluency levels to 85 students in the university of Bochum, Germany. Some twenty of these latter students attended a week long course in Dún Chíomháin in the Autumn.
- Eleven Irish language secondary schools were visited as part of the Schools Liaison Scheme (Irish). Twenty three students and staff members participated and the Scheme was organised under the auspices of Bord na Gaeilge and with the support of the UCC Admissions Office.
- Some very modern innovative courses were offered in computer skills. Such areas as the more efficient use of the smartphone, the social media, cloud computing, pod broadcasts, recent Irish language “Apps” were covered.
- A public lecture series with the central theme “*The Irish language as business, professional and developmental resource*”, was organised in An tIonad. Among the lecturers were Antoine Ó Coileáin, Gael-Linn; Seán Mac an tSíthigh, TG4; Eoghan Ó Néill, Raidió Fáilte, Belfast.

Funding

As Ionad na Gaeilge Labhartha functions in a period of severe financial stringency for the university, Ionad income is now taken to contribute to the significant institutional debt. The Ionad non-pay budget has been removed in total as is the case in several other university centres. The new financial position will require continual increased vigilance in the area of expenditure and that more use be made of HEA targeted initiative funding in order to maintain educational services in significant demand while refusing to compromise on standards. It is accepted however, that in order to

implement in full the provisions of UCC Bilingual Policy, the non-pay budget will be re-instated once UCC's financial position improves.

Overview of language programmes

The principal language programmes, networks and activities of An tIonad including their respective numbers of learners and participants, can be set out under three headings as follows:

1. language programmes both general and academic,
2. networks, schemes, cultural activity,
3. weekend courses in An Ghaeltacht.

I. Language programmes both general and academic

1. Undergraduate, postgraduate and mature students	130
2. An Teastas Gaeilge for PGDE students	18
3. Absolute Beginners:	
i) American JYA, Erasmus, Socrates, Tempus	274
ii) Ruhr Universität Bochum, Germany	65
iii) Bochum students / Course in Dún Chíomháin	20
iv) T(EFL) Students.....	125
4. Diploma in Applied Irish (GA1060, GA1061, GA1062)	09
5. BCL Law and Irish (GA2010)	08
6. Computer Skills	
i) Basic Course	05
ii) Intermediate Course	04
iii) Staff programme for teaching/learning	135
iv) Access Students (Secondary).....	60
v) Occasional Students	116
7. Dept. of Modern Irish, Year 1 & 3.....	120
Dept. of Early & Medieval Irish, Year 3.....	06
8. i) UCC staff including 2 language scheme classes.....	45
ii) UCC Staff training including New Staff.....	14
9. Members of the public (ten and twenty week evening)	198
10. Teaching methodology	
i) one teacher group	17
ii) Coláistí Samhraidh	75
11. i) Precise usage	06
ii) Journalism	06

iii) Translation.....	20
iv) Translation in Gaeltacht.....	07
v) 1 st Year, Medical Students (MX1007, MX1004).....	19
12. i) House Tenants, Ballyferriter	12
ii) Computer Skills/Ógras na Gaeltachta.....	06
iii) IT skills/Language Assistants.....	10
Sub-Total:	1,530
	* (1,524) [slight increase]

II. Networks, schemes, cultural activity

1. Gaeltacht Scholarship Programme	130
2. Irish language hall of residence (45 applicants)	16
3. Language programme for families of staff	31
4. Schools Liaison Scheme	23
5. Public lectures, festivals, concerts, receptions, book launches	1,690
6. Seomra Caidrimh regular users	760
Sub-total:	2,650
	* (2,633) [1.0% increase]

III. Weekend courses

1. Students attending weekend and other courses not included above	180
Sub-total:	180

Total: 4,360

* (4,297) [1.0% overall increase]

**previous year's totals (2011 – 2012)*

Lectures, Seminars, Conferences

The Irish language served as common denominator for the many varied events which were held both on and off campus. The annual lecture series was held in parallel with the lecture series of the diploma course. A representative summarised sample of activities is presented as follows:

- **Seán Bán Breathnach, Raidió na Gaeltachta**
Launched *Spraoi Cois Laoi* 2012/13
Silversprings Hotel, Cork
19 November 2012
- **Antoine Ó Coileáin, Gael-Linn**
“*Gael-Linn 1953 – 2013: New Enterprises and Developments*”
12 February 2013

- Christmas Reception 2012
Four Easter Receptions 2013
200 learners, Teachers & Class Members
An Seomra Caidrimh
4 – 10 December 2012
11 – 14 March 2013
- Teaching Methodology Seminar, Resources Exhibition
Day and Evening teachers, An tIonad,
Teachers of Coláistí Samhraidh Chorca Dhuibhne
Pól Ruiséal
1 October 2012
15 – 19 October 2012
30 May 2013
- **Pádraig Mac Fhearghusa, Conradh na Gaeilge**
“IT techniques in Irish Language Publishing”
19 February 2013
- **Seán Mac an tSíthigh, TG4/RTÉ**
“A revolutionary approach in News Reporting: the advent of video journalism”
5 March 2013
- **Éamon Lankford, Cork Placenames Committee**
“The placename surveys of Counties Cork & Kerry – organisation and management”
19 March 2013
- **Eoghan Ó Néill, Raidió Fáilte, Belfast**
“Irish language journalism – a new approach for a new generation”
16 April 2013
- **Pól Ruiséal, UCC**
